



NEPTUNUS
PROJECT

Deiseanna a sholáthar don aistriú chuig geilleagar ciorclach na hearnála mara i Limistéar an Atlantaigh

<https://neptunus-project.eu/>



Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag Clár Interreg do
Limistéar an Atlantaigh trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí
na hEorpa (EAPA_576/2018 - NEPTUNUS).



NEPTUNUS

An nasc idir an t-uisce, fuinneamh agus bia mara: éiceanuálaíocht agus straitéisí don gheilleagar ciorclach i Limistéar an Atlantaigh

Is é aidhm an tionscnaimh NEPTUNUS forbairt inbhuanaithe na hearnála mara i Limistéar Eorpach an Atlantaigh a chur chun cinn. Soláthrófar príomhghníomhaíochtaí don éifeachtúlacht acmhainne faoin tionscnamh seo, bunaithe ar smaointeoireacht na saolré, agus tabharfar ról do tháirgeoirí, lucht déanta polasaithe agus do thomhaltóirí sa phróiseas cinnteoireachta.

Dhá chuspóir faoi chur chuige smaointeoireachta na saolré

1

Straitéisí an gheilleagair ghlais a thabhairt isteach, agus táirgí iomaíocha a thabhairt chuig margaidh glasa mar aon le héicilipéadú a chur chun cinn faoi chur chuige NEXUS.



2

Straitéisí agus polasaithe bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach agus ar phrionsabail cliabhán-go-clíabhán a fhorbairt d'fhonn táirgí agus córais oibre nua a sheachadadh chuig earráil an k



Céard atá nua?


1

Modheolaíochtaí agus gníomhaíochtaí don gheilleagar ciorclach ar scála trasnáisiúnta atá níos mó ach nár baineadh triail astu cheana.



2

Nuálaíocht eolaíoch agus mhodheolaíoch tríd an athróg NEXUS sa phróiseas cinnteoireachta.



Nexus

3

Múnla cnuasaithe comhtháite a thugann páirtithe leasmhara le chéile agus a thugann aghaidh ar bhearnaí agus ar chonstaicí agus é i mbun bainistíochta ar fhórsaí idirghníomhacha tábhachtacha ar bhonn réigiúnach agus trasnáisiúnta.




Torthaí Neptunus



Straitéisí maidir leis an lorg NEXUS idir an tUisce, Fuinneamh agus Bia Mara

- Bunachar sonraí téagartha saolré a fhorbairt do shlabhraí soláthair na hearnála mara.
- Feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht comhshaoil.
- Critéir theicniúla, chomhshaoil agus chothaitheacha a thabhairt isteach.
- Critéir a leagan síos ar bhonn iontaoifa do Sholáthar Glas Poiblí.



Straitéisí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach san earnáil bhia mara

- Aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí chun cosc a chur ar dhramhbhia.
- Modheolaíocht choiteann maidir le dramhbhia mara a thomhas a bheidh ailínithe le caighdeáin dhomhanda.
- Oideachas tomhaltóirí mar aon le meon an phobail i leith íoslagh dú dramhaíola a athrú.



Straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin na n-iascach i Limistéar an Atlantaigh





- > Na gnéithe polasaí a bheadh i gceist le hearnáil iascaigh an Atlantaigh a chur in oiriúint don athrú aeráide.
- > Plean gníomhaíochta réigiúnach chun straitéis chomhtháite a fhorbairt maidir le smionagar mara agus iascaigh i Limistéar an Atlantaigh.

Geilleagair ghorma a fhorbairt i Limistéar Eorpach an Atlantaigh trí chéile.




Gníomhaíochtaí chun na spriocanna a bhaint amach



ÉICILIPÉADÚ FAOI CHUR CHUIGE NEXUS

STRAITÉISÍ AN GHEILLEAGAIR CHIORCLAIGH



11 chomhpháirtí, misean amháin


Cuibhreannas is ea NEPTUNUS ina bhfuil 11 comhpháirtí seanbhunaithe as 5 Stát i Limistéar Eorpach an Atlantaigh.

Anuas air sin, áirítear leis an gcuibhreannas comhpháirtithe a bhfuil baint acu leis an earnáil, lucht acadúil agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, chomh maith le hInstitiúidí Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Saineolas fairsing

Féachann NEPTUNUS le cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh chuige féin chun leas a bhaint as comhlántacht na ngrúpaí taighde a bhfuilaineolais acu sna réimsí seo a leanas:

- Táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe.
- Smaointeoireacht na saolré.
- Athrú aeráide agus smionagar mara.
- lascaigh agus dobharshaothrú.
- Ábhar dramhaíola agus acmhainní tánaisteacha.





NEPTUNUS

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

<https://neptunus-project.eu/>

info@neptunus-project.eu



Ba mhaith linn tuairimí
na bpáirtithe leasmhara
a fháil!

Céard a cheapann tú
faoi NEPTUNUS?

